Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2484

3.10.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 130/2024**

**an 12 Meitheamh 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/2484]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/818 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2023 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 153/2013 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le bearta éigeandála sealadacha maidir le ceanglais chomhthaobhachta CPLL ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 31bcj (Rialachán Tarmligthe (AE) 153/2013 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32024 R 0818**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/818 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2023 (IO L, 2024/818, 6.3.2024).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/818 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 13 Meitheamh 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meitheamh 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L, 2024/818, 6.3.2024.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.